

AN LEAC DHEARG

Séard tá sa Leac Dhearg leac chreathnaighe; leac réidh a bhfuil creathnach ag fás uirthé. Tá sí taobh ó dheas díreach d'Oileán Mhic Dara. Baineadh creathnach i gcomhnaidhe ach níl aon uair dár baineadh an chreathnach uirthé nach mbíodh faitchíos ar dhaoíní go mbrisfeadh an aimsir.

Is giorrtaighe an chreathnach ná an diliosg, agus is mílse. Tá an diliosg a' fás ar a' bhfeamainn (cosa dubha agus míreánach) agus fásann creathnach ar a' leic gan aon fheamainn. Fásann an chreathnach ar an diúilicín agus tá an diúilicín i bhfastó den leic. Baintí fiuchadh as an gcreathnach agus d'itheadh daoine le fataí í. Nuair a bheadh braon bainne uirthé ba mhaith an t-annlann í. Bhíodh mná an chladaigh ag ag baint chreathnaighe agus agus a'gul amach sna cnuic dhá dhíol ar olainn. Bhíodh mála creathnaighe acab a' gul amach agus mála ag teacht abhaile acab. Shníomhaidís an olann agus chuirí go dtí an figheadóir an snátha le bréidín a dhéanamh. Bhíodh crann deilbh aca leis an snátha a dheilbh i gcóir an fhíodóra.